



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Eanáir 2024
(OR. en, it)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0350(NLE)

5028/24
ADD 1

PECHE 2

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	RIALACHÁN ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh Ráiteas ón Iodáil

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na hIodáile i ndáil leis an dréachtrialachán thuasluaite.

RÁITEAS ÓN IODÁIL maidir leis an vótáil i suí iomlánach**Tograí le haghaidh rialachán maidir leis na príomhTACanna agus na príomhchuótaí agus na príomhTACanna agus na príomhchuótaí sa Mheánmhuir**

Cé go n-aithníonn sí na hiarrachtaí a rinne na páirtithe éagsúla chun teacht ar chomhréiteach, tá díomá ar an Iodáil agus is oth léi torthaí na caibidlíochta i ndáil leis na tograí le haghaidh rialachán maidir leis na príomhTACanna agus na príomhchuótaí agus maidir leis na príomhTACanna agus na príomhchuótaí sa Mheánmhuir, ós rud é nár thángthas ar aon réiteach a chloíonn go hiomlán le prionsabail Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Léirítear san anailís ar na sonraí iascaigh neamhréireachtaí suntasacha sna cinntí a rinneadh, go háirithe i gcás stoc na n-eascann, a léiríonn easpa comhsheasmhachta sna roghanna beartais, go háirithe maidir le bainistiú iascaigh sa Mheánmhuir Thiar.

Níor cuireadh tosca shocheacnamaíocha san áireamh mar ba cheart, agus ar an gcaoi sin cuireadh na cabhlaigh sa Mheánmhuir Thiar i mbaol agus baineadh an bonn de staid saothair na bpobal cósta.

Agus solúbthacht ó thaobh á lorg aici, mhol an Iodáil agus tíortha eile bearta cúitimh forchéimnitheacha suas le 7 %, chun an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shocheacnamaíoch na bpobal muirí a chothromú.

I bhfianaise na gcinntí a rinneadh agus gan aird chothrom a bheith tugtha do na gnéithe éagsúla sin, vótálfaidh an Iodáil i gcoinne na rialachán atá beartaithe, agus leanfaidh sí de chur chuige níos cothroime lena gcomhtháthaítear gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a chur chun cinn.